Teastóidh athrú cultúir chun déileáil le toircheas géarchéime, agus chuige sin caithfear oideachas a chur ar fhir agus ar mhná araon i dtaca lena saol pearsanta agus i dtaca le sochaí na hÉireann ina chaidreamh poiblí. Tríd an Gníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime a bhunú, tá an Stát ag léiriú mhian ghinearálta an phobail go dtabharfaí aghaidh ar thoircheas géarchéime ar bhealach inchiallaithe neamhchaismirteach.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2003

crisispregnancyagency
Formulating & Implementing a National Strategy

CLÁR

2 LITIR ÓNÁR GATHAOIRLEACH

4 RÉAMHRÁ ÓNÁR STIÚRTHÓIR

6 RÓL NA GNÍOMHAIREACHTA

7 AN BEALACH A NOIBRÍMID

8 BORD

10 TUARASCAIL AR OBAIR NA GNÍOMHAIREACHTA I 2003

10 PRÓISEAS FORBATHA STRAITÉISE

13 CLÁIR AGUS CUMARSÁIDE

16 CLÁR TAIGHDE

19 MAOINIÚ SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE

21 RIARACHÁN

RÁITEAS AIRGÉADÚLA AG DEIREADH MÍ NA NOLLAIG 2003

22 RÁITEAS AR FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

23 RÁITEAS UM RIALÚ AIRGEADAIS INMHÉANACH

24 RÁITEAS UM BHEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

25 TUAIRISC ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

26 CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

CLÁR COMHORDAITHE AG 31 NOLLAIG 2003

27- 28 NÓTAÍ LEIS NA RÁITIOS AIRGEADIS

29 AGUISÍN 1 - BALLRAÍOCHT AN CHOISTE CHOMHAIRLIGH AGUS FOCHOISTÍ NA GNÍOMHAIREACHT

30 COMHALTAÍ FHOCHOISTÍ NA GNÍOMHAIREACHT UM THOIRCHIS GHÉARCHÉIME

31-32 AGUISÍN 2 – TIONSCADAIL MAOINITHE

in **3**

TOIRCHEAS GÉARCHÉIM A BHÍ DE MHNÁ
NA HÉIREANN A BHÍ AG SÚIL LE PÁISTE

Taithí de Thoirchis Ghéarchéime sa Stáit

LITIR ÓNÁR GCATHAOIRLEACH

Tríd An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime a bhunú le bunús a chur agus glacadh leis an obair atá á dhéanamh ag na comhlachtaí deonacha reatha, agus chun próiseas eolais, oideachais, taighde agus comhairle a chur ar fáil, tá an Stát ag léiriú mhian ghinearálta an phobail go dtabharfaí aghaidh ar thoircheas géarchéime ar bhealach inchiallaithe neamhchaismirteach. Tríd an gcéad Strategy to Address the Issue of Crisis Pregnancy a foilsíodh in 2003, tá an Ghníomhaireacht seo ag iarraidh na físe sin a bhaint amach.

Teastóidh athrú cultúir chun déileáil le toircheas géarchéime, agus chuige sin caithfear oideachas a chur ar fhir agus ar mhná araon i dtaca lena saol pearsanta agus i dtaca le sochaí na hÉireann ina chaidreamh poiblí.

Tá na gnéithe a bhaineann le toircheas géarchéime iontach casta. Tógfaidh sé scaitheamh ama ar an nGníomhaireacht díriú ar na gnéithe cionmhara ar fad. Ach ní mór tús áite a thabhairt do phríomhréimsí ar leith i mbliana, áfach. Tá comhairliúchán um thoircheas géarchéime ar cheann de na réimsí is mó acu sin. Tá €1.17 milliún in aghaidh na bliana geallta ag an nGníomhaireacht chun dúbailt a dhéanamh ar an leibhéal reatha de sheirbhísí comhairliúcháin ar fud na tíre.

Tá an cosc ar thoircheas géarchéime ar cheann de na dúshláin is mó atá ag an nGníomhaireacht. Áirithe ar na gnéithe coisc sin tá oideachas do dhaoine óga agus forbairt ar sheirbhisí cuí. Tá géarghá freisin le breis oideachais den scoth. Cuireann ár straitéis béim ar an ngá atá le hiarracht láidir ó bhoird bainistíochta agus ón Roinn Oideachais féin chun Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a bhrú chun cinn agus a thacú sna scoileanna. Creideann an Ghníomhaireacht freisin go bhfuil sé criticiúil go mbeadh ról ag na tuismitheoirí agus ag na scoileanna i gcomhar lena chéile chun é sin a chur i gcrích.

Léiríonn taighde go mbíonn leibhéal oideachais na máithreacha atá neamhphósta, nó scartha agus ina n-aonar, níos ísle ná an meánleibhéal oideachas atá ag na máithreacha go léir. Dúshláin eile is ea a chinntiú go dtabharfar spreagadh agus tacaíocht dóibh sin a toilleann a bheith ina dtuismitheoirí chun go leanfaidh siad ar aghaidh lena n-oideachas nó lena bhfostaíocht, más mian leo sin a dhéanamh, agus baol na bochtaineachta a laghdú dá réir. Bíonn tionchar iarmhartach ag lagtrá eacnamaíochta ar chiorruithe sna seirbhísí agus sa tacaíocht a fhaigheann grúpaí leochaileacha. Tá ionadaíocht láidir déanta ag an nGníomhaireacht seo chuig an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh thar cheann na dtuismitheoirí aonair a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu mar go bhféadfadh tionchar a bheith ag athruithe sna forálacha cíosa orthu. Tá iarrtha ag an nGníomhaireacht go ndéanfadh soláthróirí seirbhíse, a fhaigheann maoiniú uainne, monatóireacht ar thionchar an tsocraithe sin.

Bhí baint mhór ag dul chun cinn na Gníomhaireachta i mbliana leis an díograis agus an saineolas gairmiúil atá ag comhaltaí an Bhoird, a thug treoir agus tacaíocht do obair na Gníomhaireachta. Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag daoine aonaracha a bhí páirteach i bhfochoistí na Gníomhaireachta. Tugann na daoine sin, mar aon leis an gCoiste Comhairliúcháin, a lán dá gcuid ama chun gnéithe príomha a chur chun cinn.

Trí oibriú go dlúth i gcomhar leis an Stiúrthóir, leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann, aithním an cumas agus an tiomantas a thugann na daoine sin chun clár na Gníomhaireachta a chur i bhfeidhm agus tugaim buíochas do gach duine acu as a ndíograis agus a dtacaíocht.

Cuireann an Ghníomhaireacht fáilte roimh fhoilsiú Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte ag an Aire Sláinte agus Leanaí, agus táimid ag dúil go mór oibriú i gcomhar le Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte. Thar cheann an Bhoird, ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl don Aire Martin agus dá Roinn a thug tacaíocht leanúnach dúinn i gcaitheamh na bliana.

Táimid ag súil go muiníneach le gach a bhfuil amach romhainn. Beidh sé mar chuspóir againn in 2004 an Ghníomhaireacht a thiomáint chun a príomhaidhmeanna a chur i gcrích mar atá leagtha amach sa Straitéis. Tá cuspóirí diana feidhmiúcháin curtha romhainn againn don bhliain. Trí chomhoibriú go tréan le chéile, tá dóchas agam go leanfar ar aghaidh ag baint na físe sin amach.

Olive Braiden

Ms Olive Braiden
CATHAOIRLEACH



Toradh de Thoirchis Ghéarchéime

RÉAMHRÁ ÓNÁR STIÚRTHÓIR

Ag breathnú siar ar bhliain chruógach mar a bhí againn in 2003 tá deis bhreá agam léiriú a thabhairt ar na nithe iomadúla a baineadh amach. An ní ba mhó acu sin, gan aon dabht, agus an ceann a chur ár bpríomh-mhandáit i gcrích, ab ea seoladh an Strategy to Address the Issue of Crisis Pregnancy, a rinne An tAire Sláinte agus Leanaí, Micheál Martin, T.D., i mí na Samhna 2003.

Bhí an taighde a choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht in 2002 mar aon leis an cleachtadh cuimsitheach comhairliúcháin a bhailigh tuairimí ár bpáirtithe leasmhara ar fad, mar chúlra ag an gcuid is mó den Straitéis.

Tugann an Straitéis féin creat dúinn chun tuiscint a fháil ar na cúiseanna agus na torthaí a bhíonn le toircheas géarchéime agus tugann sé sraith soiléir gníomhaíochtaí lenar féidir díriú ar na gnéithe coimpléascacha idirghníomhacha a bhaineann le toircheas géarchéime. Beidh na cuspóirí atá leagtha síos sa Straitéis mar threoir ag an nGníomhaireacht sna blianta atá romhainn. Beidh obair idir-ranna ag teastáil ó chuid mhaith acu; beidh crógacht agus athrú tuairimíochta ag teastáil le cuid eile.

Ag an am céanna a raibh an Straitéis á forbairt, bhí an Ghníomhaireacht ag thabhairt faoi shraith clár i dtaca le taighde, caidreamh, cothú sláinte agus maoiniú do ghníomhaireachtaí seachtracha.

Bhí clár taighde 2003 leagtha amach chun léiriú a thabhairt ar na gnéithe ábhartha ar fad a bhaineann le toircheas géarchéime agus chun bunús láidir cleachtais a chur faoin straitéis a bheadh bunaithe ar fhianaise. In 2003 díríodh go príomha ar threochtaí polasaí chun treoir a thabhairt don Ghníomhaireacht agus leithdháileadh de €900,000 a chur ar fáil chun taighde nua a choimisiúnú.

In 2003, rinne an Ghníomhaireacht breis forbartha ar an bhfeachtas Roghanna Dearfacha. In 2003 bhí na nithe seo ina gcuid den fheachtas:

- réimse na n-ábhar acmhainne do mhná a leathnú
- fógra teilifíse chun poiblíocht a thabhairt don fheachtas
- an feachtas a scaipeadh trí chlár cuimsitheach meáin.

Mar aon leis an gclár cumarsáide, rinne an Ghníomhaireacht obair chun na seirbhisí comhairliúcháin um thoircheas géarchéime a leathnú ar fud na tíre. Bhí toradh na taighde a rinne NUI, Gaillimh, mar aon leis an eolas iniúchóireachta chun mapáil a dhéanamh ar fhorbairt seirbhíse, mar chabhair ag an nGníomhaireacht chun pleanáil agus feidhmiú a dhéanamh ar an méadú de 44% ar an gcomhairliúchán um thoircheas géarchéime ar fud na tíre.

Tá cosc ar thoircheas géarchéime mar phríomhchuspóir ag An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime agus in 2003 chuir an Ghníomhaireacht béim ar leith ar theachtaireachtaí um chothú sláinte gnéasach do dhaoine óga i gcásanna sóisialta, siamsaíochta agus tríú leibhéal.

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta ar thionscnaimh a mhaoiniú má chuireann leis na comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin agus nuair a bhíonn siad ag dul le príomhchuspóirí na Gníomhaireachta. Cuireadh €2,173,076.83 ar fáil do thionscnaimh nua faoi chlár 2003.

Ag breathnú siar ar an mbliain, tá mé iontach bródúil as gach ar bhain an Ghníomhaireacht amach. Tháinig an chuid ba mhó de sin as obair chrua, díograis agus scileanna na foirne; tá cabhair mhór tugtha acu chun ról na heagraíochta nua seo a fhorbairt. Thar cheann na Gníomhaireachta is mian linn buíochas a ghlacadh leo sin go léir a chuidigh le forbairt na Straitéise agus leo sin go léir a chuidigh le hobair na Gníomhaireachta trí pháirt a ghlacadh san iomad tionscadal atá léirithe sa tuarascáil seo. Tugtar buíochas speisialta dár gcomhpháirtithe san fheachtas Roghanna Dearfacha.



Ms Sharon Foley, MA, MSc
STIÚRTHÓIR

57% THÓG SIAD AN LEANBH IN ÉINEACHT LEIS AN ATHAIR

43% THÓG SIAD AN LEANBH D'UIREASA AN ATHAR

I measc na mná a rugadh leanbh

RÓL NA GNÍOMHAIREACHTA

Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime i Meán Fómhair 2002 faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 agus tá sé rialaithe faoin Ionstraim Reachtúil Uimh. 446 de 2001: An tOrdú Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Bunaíocht, 2001.

Ba é príomhchuspóir na Gníomhaireachta, mar atá leagtha amach san Ionstraim Reachtúil ná straitéis a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i dtaca le toirchis ghéarchéime, i gcomhairle le ranna ábhartha stáit agus le daoine cuí eile.

Ba é cuspóir na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime ná fócas straitéiseach a chur ar cheist na dtoircheas géarchéime agus breisluach a chur ar obair na soláthraithe seirbhíse atá ann cheana. Foilsíodh an Strategy to Address the Issue of Crisis Pregnancy i 2003.

Meicníocht atá sa Straitéis seo ina mbainfidh an Ghníomhaireacht amach na cuspóirí atá leagtha amach sna trí Mhandáit atá san Ionstraim Reachtúil:

(a) laghdú ar an líon de thoirchis ghéarchéime trí oideachais, comhairle agus seirbhísí frithghiniúna a chur ar fáil

(b) laghdú ar líon na mban le toirchis ghéarchéime a roghnaíonn ginmhilleadh trí seirbhísí agus tacaíochtaí a thairiscint a dhéanann roghanna eile níos tarraingtí

(c) Comhairleoireacht agus seirbhísí leighis a chur ar fáil i ndiaidh thoirchis ghéarchéime.

AN BEALACH A NOIBRÍMID

Fís agus Prionsabail

Coinnítear na mná atá i mbaol toirchis ghéarchéime nó ag atá dul trí thoircheas géarchéime, agus iadsan atá bainteach léi mar phríomhfhócas na Gníomhaireachta i gcónaí. Cinntíonn an fócas seo go mbeidh ár n-obair:

- bunaithe ar chomhairle leis na mná iad féin
- bunaithe ar chomhpháirtíocht agus chomhairle leis na gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha araon a ghlacann páirt i gcosc ar thoircheas géarchéime nó i dtacaíocht a thabhairt do mhná le linn agus i ndiaidh an toirchis ghéarchéime
- ag cuidiú le forbair maidir le polasaí poiblí
- freagrach
- ag cur breisluach le raon na seirbhísí reachtúla agus deonacha atá ann cheana
- ag cothú nuálaíocht agus misnigh i gcruthú réitigh ceannródaithe trí thaighde agus mheastóireacht
- ag déanamh feabhas leanúnach ar chaighdeán le haghaidh agus sinn ag iarraidh an chleachtais is fearr a bhaint amach.

Chuidigh sin le forbairt agus le feidhmiú na Straitéise seo i 2003 agus leanfaidh sé ar aghaidh ag treorú phróiseas feidhmithe na Straitéise sna blianta romhainn.

Struchtúir na Gníomhaireachta

BORD NA GNÍOMHAIREACHTA

Cheap an tAire Sláinte agus Leanaí Olive Braiden mar Chathaoirleach ar an nGníomhaireacht um Thoirchis Géarchéime ar 3 Méan Fómhair 2001. Ceapadh ocht gcomhalta boird ina dhiaidh sin. Tagann ballraíocht an Bhoird ó Ranna Rialtais agus ó dhisciplíní sláinte tábhachtacha ábhartha. Comhlachas neamhspleách atá ann arna mhaoiniú ag an Rialtas, mar a mhol Coiste Uile-Pháirtí an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí.

CATHAOIRLEACH

Ms Olive Braiden

COMHALTAÍ

Ms Rosemary Grant, Príomhoibrí Sóisialta Leighis, Ospidéal na mBan, An Cúm

Dr Linda Hogan, Diagaire, Scoil Éacúiméinice na hÉireann, Coláiste na Tríonóide

Mr Martin Larkin, Fear Gnó

Ms Geraldine Luddy, Stiúrthóir, Comhairle Sláinte na mBan

Ms Pauline Moreau, Príomhoifigeach, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Mr Brian Mullen, Príomhoifigeach, An Roinn Sláinte agus Leanaí

Mr Anthony O'Gorman, Cigire Scoile, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Ms Margaret Ryan, Comhairleoir Príobháideach

Tháinig Bord na Gníomhaireachta le chéile aon uair déag i 2003.

BORD

Ms Rosemary Grant | Mr Brian Mullen | Dr Linda Hogan | Mr Martin Larkin

Ms Pauline Moreau | Ms Geraldine Luddy | Mr Anthony O'Gorman | Ms Margaret Ryan

COISTE COMHAIRLIÚCHÁIN

Faoin Ionstraim Reachtúil bhí cead coiste a bhunú agus úsáid a bhaint as saineolas na n-eagraíochtaí éagsúla reachtúla agus neamhreachtúla. Is í an fheidhm atá ag an gCoiste Comhairliúcháin ná "comhairle a chur ar an nGníomhaireacht maidir le

(a) nithe a thagann ón nGníomhaireacht i dtaca le toircheas géarchéime agus

(b) aon ní eile a thagann laistigh de théarmaí tagartha na Gníomhaireachta."

Ba é An tAire Sláinte agus Leanaí, Micheál Martin, T.D, a cheap an Coiste Comhairliúcháin de dhuine is fiche don Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime i nDeireadh Fómhair 2002 agus tá siad liostaithe in Aguisín 1. Is í an Dr. Linda Hogan atá mar chathaoirleach ar an gCoiste thar cheann an Bhoird.

Soláthraíonn an Coiste Comhairliúcháin sainchomhairle do Bhord na Gníomhaireachta, agus feidhmíonn sé mar fhóram do chumainn a bhfuil suim acu in obair na Gníomhaireachta chun a gcuid tuairimí a chur in iúl.

Tháinig an Coiste Comhairliúcháin le chéile ar cheithre ócáidí i 2003. D'oibrigh an Coiste go príomha ar cheisteanna a bhain le próiseas forbartha na straitéise.

FOCHOISTÍ

Tacaíonn réimse fochoistí le Bord agus Coiste Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta ina gcuid oibre:

- Taighde
- Faisnéis agus Cumarsáide
- Airgeadas
- Audit
- Iniúchadh
- Straitéise

Tá an Comhaltaí liostaithe in **Aguisín 1**.

COISTE FEIDHMIÚCHÁIN NA GNÍOMHAIREACHTA

Tá dhá dhuine dhéag ar fhoireann na Gníomhaireachta.

STIÚRTHÓIR:
Sharon Foley

BAINISTEOIR RIARACHÁINR:
Ms Patsy Carr (go dtí Meán Fómhair 2003), Mr Ivan Cooper (ó Mheán Fómhair 2003)

BAINISTEOIR CLÁR AGUS CUMARSÁIDE:
Ms Caroline Spillane

OIFIGIGH THAIGHDE:
Dr Stephanie O'Keeffe and Ms Mary Smith

OIFIGEACH COTHAITHE SLÁINTE AGUS OIDEACHAIS:
Ms Siobán O'Brien Green

OIFIGEACH RIARACHÁIN:
Ms Sheena McAfee

CÚNTÓIRÍ RIARACHÁIN:
Ms Lynn Dowling, Ms Tracy Richardson, Ms Niamh Nolan

FÁILTEOIR :
Ms Lucy Deegan Leirião (go dti Nollag 2003)

CÚNTÓIR CLÉIREACHAIS:
Ms Aoife Gargan

TUARASCÁIL AR OBAIR NA GNÍOMHAIREACHTA I 2003.

Is féidir obair na Gníomhaireachta i 2003 a bhriseadh síos mar a leanas:

- Forbairt Straitéise
- Cláir agus Cumarsáid
- Taighde
- Soláthraithe Seirbhísí Maoinithe
- Riarachán maidir le hOifig na dToircheas Géarchéime.

Forbairt Straitéise

Thug an Bord an tosaíocht is airde do léiriú an Strategy to Address the Issue of Crisis Pregnancy 2003. Sheol Micheál Martin, T.D., Aire Sláinte agus Leanaí, an Straitéis i mí na Samhna 2003.

Ón eolas a fuarthas as taighde cuimsitheach agus as próiseas comhairliúcháin mar atá léirithe thíos, soláthraíonn an Straitéis creat chun cúiseanna agus iarmhairtí toirchis ghéarchéime a thuiscint. Molann sé sraith gníomhaíochtaí chun plé leis na fachtóirí casta idirghníomhacha a chuireann le fadhb thoirchis géarchéime na mban.

Ag díriú ar lucht déanta polasaithe agus soláthraithe seirbhisí – iadsan atá in ann athruithe a dhéanamh i bpolasaithe agus i gcleachtas – imlíníonn an Straitéis plean na Gníomhaireachta maidir le ráta toircheas géarchéime a laghdú agus an chúis imní a bhíonn ar mná mar gheall ar thoircheas géarchéime a fheabhsú.

Faoin reachtaíocht lenar bunaíodh an Ghníomhaireacht caithfidh sí oibriú le comhpháirtí cuí chun na gcuspóirí atá leagtha amach ag an reachtaíocht a chur chun cinn agus a chomhordú. Tá comhairliúchán fónta le soláthraithe seirbhísí agus leis an bpobal ina gcoda iontach tá bhachtacha de phróiseas forbartha na Straitéise agus bhí sé mar chloch cúinne i bhforbairt na Straitéise atá dírithe ar dhaoine. Ba mhaith leis an nGníomhaireacht buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach sa phróiseas.

PRÓISEAS FORBARTHA NA STRAITÉISE

Is éard a bhí sa phróiseas ná:

- anailís ar bhreis agus 246 aighneacht a fuarthas le linn an **an phróisis chomhairliúcháin phoiblí 2002**
- athbhreithniú fairsing ar an litríocht taighde ábhartha chun na príomhfhachtóirí rannpháirteacha a bhaineann le toircheas géarchéime a aithint
- anailís ar thorthaí **an chleachtaidh chomhairliúcháin réigiúnaigh sonraithe** a rinneadh i 2003
- sraith moltaí a eisiúint do na Ranna Rialtais chuí
- **na príomhghnéithe straitéiseacha a bhaineann le toircheas géarchéime** a aithint mar a léirigh na cleachtaí taighde agus comhairliúcháin
- sraith de **ghníomhaíochtaí straitéiseacha** a fhorbairt, trí na príomhghnéithe straitéiseacha a chur i bhfeidhm (i gcomhthéacs thorthaí an taighde agus an chomhairliúcháin) ar **thrí mhandáit na Gníomhaireachta.**

Thosaigh an próiseas le forbairt chaipéis chreata chun próiseas forbartha na straitéise a threorú. Foilsíodh 'Towards a Strategy to Address the Issue of Crisis Pregnancy' i bhFeabhra 2003, agus léirigh an cháipéis sin go mionchruinn an cur chuige a bhí le déanamh ag an nGníomhaireacht chun an straitéis a fhorbairt.

CLEACHTADH COMHAIRLIÚCHÁIN RÉIGIÚNAIGH SONRAITHE

Ag dul chun cinn ón gcleachtadh leathan comhairliúcháin phoiblí a rinneadh i 2002, bhí an cleachtadh comhairliúcháin réigiúnaigh sonraithe ar siúl i rith Márta agus Bealtaine 2002. Sa phróiseas sin bhí breis agus seasca comhairliúchán i bhfoirm agallamh duine ar dhuine, fócasghrúpaí, chruinnithe díospóireachta, ceardlanna, agus anailís ar aighneachtaí scríofa. Bhí raon leathan daoine aonair, grúpaí agus soláthraithe seirbhísí páirteach sa phróiseas agus leo sin bhí breis is dhá mhíle duine i gcomhairle leis an nGníomhaireacht. Tá an Ghníomhaireacht buíoch do Ghrúpa Idirchaidrimh an Bhoird Sláinte a chuidigh go cineálta leis na comhairliúcháin seo a eagrú.

Rinne an próiseas iarracht doiciméadú a dhéanamh ar dhearcadh na ndaoine aonair, na ngrúpaí agus gníomhaireachtaí:

- nár dearnadh ionadaíocht ar a son (nó nár dearnadh dóthain ionadaíochta) i gcomhairliúchán poiblí na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime a rinneadh i 2002
- ar breathnaíodh orthu mar thomhaltóirí poitéinsiúla nó mar thomhaltóirí iomlána de na seirbhísí a bhaineann le toircheas géarchéime
- a bhí páirteach i bpleanáil agus/nó i seachadadh seirbhísí ábhartha.

Le cois na gnéithe sin, bhí sé mar aidhm ag an bpróiseas forbairt a dhéanamh ar gach straitéis ábhartha Rialtais agus foghlaim ó chomhairliúcháin a rinneadh le déanaí agus a bhí taobh thiar de:

- an Straitéis Náisiúnta Sláinte (Cáilíocht agus Cothroime, An Roinn Sláinte agus Leanaí 2001).
- an Straitéis Náisiúnta Leanaí agus
- straitéisí maidir le sláinte ghnéis atá á bhforbairt faoi láthair ag roinnt bord sláinte.

Baill den fhoireann Siobán O'Brien Green agus Tracy Richardson a thug cabhair don Ghníomhaireacht chun clár cothaithe sláinte gnéis agus an feachtas um Roghanna Dearfacha a dheanamh i 2003.

PRÍOMHGHNÉITHE STRAITÉISEACHA

Mar gheall ar na príomhghnéithe a tháinig as na próisis taighde agus chomhairliúcháin, agus a chur an Bord san áireamh chun an Stráitéis a fhorbairt, rinneadh gníomhaíochtaí sna réimsí a leanas:

- polasaí, caighdeáin agus forbairt taighde
- feabhsú eolais agus scileanna
- forbairt ar acmhainn seirbhísí trí chomhpháirtíochtaí
- tionchar ar athrú i bpríomhréimsí (tacaíocht ioncaim; fostaíocht; oiliúint agus oideachas; cúram leanaí; lóistín) le linn nó i ndiaidh an toirchis ghéarchéime
- athrú cultúir a chruthú.

Bhí an Bord gníomhach in obair chuimsitheach fhoirmithe straitéise le linn na tréimhse ó Mheithimh go Méan Fómhair 2003. Bhain an obair seo le haitheantas na gníomhaíochtaí sin a bhí riachtanach chun plé le bunghnéithe straitéiseacha cheist an thoirchis ghéarchéime, i gcomhthéacs na dtrí mhandáit.

D'eisigh an Ghníomhaireacht roinnt moltaí foirmiúla, bunaithe ar na torthaí as comhairliúcháin agus taighde na Straitéise do na Ranna: Sláinte agus Leanaí; Oideachais agus Eolaíochta; Gnóthaí Sóisialach agus Teaghlaigh; Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Bhain na moltaí leis an ngaol idir théarmaí tagartha na Ranna seo agus riachtanais na ndaoine ag a bhfuil toircheas géarchéime.

Sheol Micheál Martin, T.D., Aire Sláinte agus Leanaí, Strategy to Address the Issue of Crisis Pregnancy i gCeoláras Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath ar 12 Deireadh Fómhair 2003. Bhí níos mó ná 150 aoi i láthair agus fuair an ócáid clúdach ó na meáin a bhí forleathan agus dearfach.

Scaip an Ghníomhaireacht 1,500 cáipéis straitéise ar na príomhpháirtithe leasmhara i Nollaig 2003.

An Straitéis

Bunaíodh an Straitéis ar thrí mhandáit na Gníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime. Tá cur síos gairid anseo ar phríomhghnéithe na Straitéise i dtaca leis na mandáití:

MANDÁIT A:

Laghdú a dhéanamh ar líon na dtoircheas géarchéime trí oideachais, comhairle agus seirbhísí frithghiniúna a chur ar fáil.

Príomhghnéithe de fheidhmiú na straitéise is ea
- clár oideachais a chur ar fáil
- cláir fhorbartha scileanna a chur ar fáil do mhúinteoirí, do oibrithe cúraim sláinte agus do thuismitheoirí
- creat do fhorbairt sheirbhísí frithghiniúna.

MANDÁIT B:

Laghdú a dhéanamh ar líon na mban a roghnaíonn ginmhilleadh trí tacaíochta agus seirbhísí thairiscint chun roghanna eile a dhéanamh níos tarraingtí.

Príomhghnéithe de fheidhmiú na straitéise is ea
- comhairleoireacht agus seirbhísí do thoircheas géarchéime a threisiú agus a leathnú
- feachtas cuimsitheach cumarsáide a chur ar fáil
- clár forbartha scileanna a chur ar fáil do dhochtúir teaghlaigh agus do oibrithe seirbhísí sláinte
- clár oibre a chur ar fáil do lucht déanta polasaithe agus na príomhdhaoine a dhéanann cinnidh a chur ar an eolas, agus chun forbairt a dhéanamh ar na príomhthacaíochtaí.

MANDÁIT C:

Soláthar comhairleoireachta agus seirbhísí leighis a chinntiú i ndiaidh toirchis ghéarchéime.

Príomhghnéithe de fheidhmiú na straitéise is ea
- deilbhiú chláir oibre polasaithe agus taighde
- seirbhísí iarghinmhillte a threisiú agus a leathnú – scrúduithe sláinte leighis agus comhairleoireacht iarghinmhillte
- ábhar faisnéise treisithe a chur ar fáil maidir le seirbhísí iarghinmhillte
- breis forbartha ar thacaíochta do mhná i ndiaidh toirchis ghéarchéime.

Struchtúr an Phróisis Chomhairliúcháin

1 – An Chéad Ghlao ar Aighneachtaí: Meitheamh 2002
2 – Anailís ar na hAighneachtaí: Meán Fomhair go Deireadh Fomhair 2002
3 – Pleanáil na gComhairliúchán Sonraithe: Eanáir 2003
4 – Comhairliúcháin Sonraithe: Feabhra – Aibreán 2003
5 – Comhairliúcháin ag dul isteach in Ullmhú na Straitéise: Márta go Meán Fomhair 2003
6 – Tuairisc Chomhairliúcháin Críochnaithe 2004

Bunaíodh an íomha ón fógra teilifise Roghanna Dearfacha i 2003 chun feasach a dheanamh don sheirbhísí thoirchis ghéarchéime ar fud na tire.

Rinneadh athfhorbairt ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, www.crisispregnancy.ie, mar fheidhm don bhealach cumarsáide don Ghníomhaireacht.

Cláir agus Cumarsáide

Bhí trí ghné i gclár 2003:

- bhí sé mar aidhm ag an **bhfeachtas um Roghanna Dearfacha** tacaíocht a thabhairt do mhná le toircheas géarchéime trí fhorbairt a dhéanamh ar faisnéis faoi thacaíochtaí agus seirbhísí
- bhí sé mar aidhm ag an **gClár um Chothú Sláinte agus Oideachais** plean fónta a fhorbairt maidir chun cosc a chur le toircheas géarchéime trí chumarsáid, trí chothú agus trí oideachais sláinte
- **réimse de sheirbhísí cumarsáide corparáideacha** a chuir an Ghníomhaireacht ar fáil.

Bhí feidhm na gClár agus na Cumarsáide, faoi stiúir bhainisteora sinsearaigh le cúnamh ó Oifigeach Chothaithe Sláinte agus Oideachais ainmnithe, agus fuair sé tacaíocht ón bhFochoiste Faisnéise agus Cumarsáide, a tháinig le chéile sé huaire le linn 2003.

AN FEACHTAS UM ROGHANNA DEARFACHA

Dhírigh an Feachtas um Roghanna Dearfacha do sheirbhísí toirchis ghéarchéime – a seoladh i Nollaig 2002 agus a forbraíodh go mór i 2003 – ar fheasacht ban a mhéadú faoi na roghanna a bheadh i gcás toirchis ghéarchéime, agus feabhas a chur ar chaighdeán agus ar raon na dtacaíochtaí agus na seirbhísí atá ar fáil do mhná. Bhí an feachtas ag iarraidh cuidiú le mná de gach aois a raibh toircheas géarchéime acu agus iad ag lorg cúnaimh.

Bunaíodh an feachtas i gcomhar le, agus thacaigh sé leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag na gníomhaireachtaí comhairleoireachta toirchis seo a leanas a fhaigheann cúnamh airgid ón stát:

- Cherish (anois One Family)
- Cura
- Ionad Well Woman Bhaile Átha Cliath
- Cumann Pleanála Clainne na hÉireann
- Life
- Pact

Chomhoibrigh Treoir agus ionadaithe ó Bhord Sláinte an Limistéir Thuaidh (NAHB) agus Bord Sláinte an Deiscirt (SHB) leis an bhforbairt freisin.

Is éard atá san fheachtas um Roghanna Dearfacha ná:

- seirbhís saorthéacs
- ábhair acmhainne: bileog, raon póstaer agus cártaí tiachóige
- an suíomh idirlín, postiveoptions.ie, nasctha do leathanaigh ar leith a bhaineann le toircheas géarchéime ar shuíomhanna soláthróirí seirbhíse
- feachtas cuimsitheach sna meáin
- meastóireacht feachtais.

Seirbhís Saorthéacs

Bunaíodh seirbhís saorthéacs na Roghanna Dearfacha, a tástáladh ar tús i dtionscnamh trialach i gcoláistí tríú leibhéal, mar fhreagra nuálaíoch ar riachtanais ban a bheadh ag cuardach eolais rúnda, discréideach, inrochtana agus cothrom faoi sheirbhísí náisiúnta do thoircheas géarchéime.

Tríd an bhfocal 'list' a chur ar shaorthéacs chuig an uimhir 50444, faigheann fiosraitheoirí téacstheachtaireacht ar ais ar an toirt le hainmneacha agus uimhreacha teagmhála na sé phríomhghníomhaireacht comhairleoireachta ar thoircheas géarchéime ar fud na tíre. Is féidir le fiosraitheoirí eolas a fháil ó ghníomhaireachtaí aonair trí shaorthéacsanna chomh maith. Fuarthas breis agus 77,000 iarraidh téacs trí fheachtas na Roghanna Dearfacha i 2003.

Abhair Acmhainne

Scaipeadh na hábhair acmhainne go forleathan i 2003, trí 252,000 bileog agus 18,000 póstaer a dháileadh ar lialanna dochtúirí teaghlaigh, poitigéirí, oidí scoile agus treoirchomhairleoirí, Ionaid Eolais do Shaoránaigh, cumainn óige, leabharlanna agus comhlachtaí mac léinn. Rinneadh cárta discréideach tiachóige i rith na bliana le heolas rochtana fhaisnéise faoi sheirbhísí a scaipeadh chuig pobal níos mó.

Tugadh 1,000 cuairt gach ar meán in 2003 ar an suíomh www.positiveoptions.ie, a ghníomhaíonn mar eolaire ar líne.

Feachtas na Méan

Eagraíodh feachtas cuimsitheach sna meáin in 2003 chun cuidiú leis an bhforbairt ar fheasacht agus ar thuiscint forleathan maidir le Roghanna Dearfacha toirchis ghéarchéime. Bhain straitéis na meán le forbairt ar fhógraíocht theilifíse, raidió, cineama, preas, agus fógraíocht lasmuigh agus ar líne. Forbraíodh manaí mar "No Judge, No Jury, Just Information"; "It'll never happen to me"; "Even planned pregnancies can have unexpected results", chun díriú ar an bpríomhphobal de mhná idir 18-30 bliain d'aois.

D'aithnigh an Ghníomhaireacht mic léinn choláiste mar príomhghrúpa ar cheart an feachtas fógraíochta a dhíriú orthu. Nasc an Ghníomhaireacht le hAontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) chun Roghanna Dearfacha a sheoladh ar campas i Feabhra 2003. Lean an Ghníomhaireacht ag obair leis an USI ar feadh na bliana.

Measúireacht
Rinneadh measúireacht ar fheasacht agus thuiscint an fheachtais um Roghanna Dearfacha in dhá thaighde mhóra a rinne Lansdowne Market Research thar cheann na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime. Seo iad na príomhthorthaí a fuarthas:

- chuimhnigh 70% dóibh sin sa tsuirbhé ar fhógraíocht maidir le toircheas géarchéime
- chuimhnigh 65% acu ar fhógraíocht shonrach a bhain leis an bhfeachtas um Roghanna Dearfacha
- léirigh leibhéal ard ban (57%) go mbainfeadh siad úsáid as séirbhís na Roghanna Dearfacha.

COTHÚ SLÁINTE AGUS OIDEACHAS

An príomhaidhm atá ag an nGníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime ná cosc a chur le Toircheas Géarchéime (Mandáit 1). Aithníodh in 2003 go raibh géarghá le freagraí a chur ar fáil chun déileáil le nithe a bhaineann le rioscaí gnéis agus chun díriú ar na bacanna a bhaineann le húsáid éifeachtach coiscíní do dhaoine idir 18 agus 30 bliain d'aois. Cuireadh béim ar leith ar an ngá a bhí le díriú ar dhaoine óga i dtimpeallachtaí sóisialta, siamsaíochta agus tríú leibhéal. Seo a leanas na tionscnaimh a rinneadh in 2003.

Treoir 'Don't be late' do Fhéile Witnness
Comhfhiontar a bhí anseo idir an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime, Cumann Pleanála Clainne na hÉireann(IFPA), tionscnóirí ceolchoirmeacha MCD agus Durex. Mhair sé thar dhá lá na hócáide Witness: 11 agus 12 Iúil 2003

Eagraíodh an treoir 'Don't be late' chun béim ar chur ar na rioscaí a ghlacann daoine óga agus iad in ionaid as baile, ina mbeadh riar mhór alcóil á ól. Sa treoir phóca seo, bhí faisnéis faoi shábháilteacht phearsanta, sláinte gnéis, frithghiniúint éigeandála, agus bhí mapa beag istigh ann a thaispeáin láthair na n-ionad leighis agus sláinte chomh maith.

Bhí 49,000 duine óg i láthair ag an ócáid. Cuireadh níos mó na 19,000 treoir 'Don't be late' (agus coiscíní leo) thart thar thréimse ceithre huaire fichead. Rinneadh measúireacht ar an tionscamh 'Don't be late' trí agallaimh neamhspleácha a dhéanamh ar an láthair agus fuarthas aiseolas spreagúil as, mar shampla:

- mheas 62% do na hagallaithe go raibh an t-eolas sa leabhrán úsáideach
- cheap 95% go raibh gá le coiscíní a chur thart ag ócáidí cosúil le Witnness
- bhí sé de rún ag 61% an leabhrán a choinneáil i ndiaidh na hócáide.

Pacáiste Feasachta agus Treoraíochta um Shláinte Gnéis do Mhic Léinn Tríú Leibhéal
D'fhorbair an Ghníomhaireacht an Pacáiste Feasachta agus Treoraíochta um Shláinte Gnéis do Mhic Léinn Tríú Leibhéal, a bhí dírithe ar shainriachtanais mac léinn tríú leibhéal, le húsáid mar chuid de Sheachtain Feasachta agus Treoraíochta um Shláinte Gnéis Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI), (Shag-Week) i Nollaig 2003.

I measc na gcomhpháirtithe a bhí sa tionscadal bhí an USI agus oifigigh leasa mac léinn, Bord Sláinte an Limistéir Thiar Theas, Bord Sláinte Limistéar an Chosta Thoir agus Drugs/HIV Helpline. Scaipeadh níos mó ná 9,500 pacáiste ar 30 campas le linn na seachtaine. Sa phacáiste seo bhí faisnéis faoi chothú sláinte gnéis priontáilte ar an taobh istigh den phacáiste, cárta faisnéise tiachóige faoi Roghanna Dearfacha agus coiscín.

I measc na teachtaireachtaí is tábhachtaí a bhí sa phacáiste bhí:

- an tábhacht a bhaineann le coiscíní a úsáid i gceart
- an dóigh le theacht ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí sláinte gnéis
- an dóigh le teacht ar fhaisnéis faoi fhrithghiniúint éigeandála
- faisnéis ar raon de línte cabhrach gutháin.

Rinneadh measúireacht ar an tionscnamh trí agallaimh a rinne taighdeoir neamhspleách ar campas. Ba iad seo na príomhthorthaí:

- cheap 96% de na mic léinn sa suirbhé go raibh an fhaisnéis a bhí sa phacáiste úsáideach
- mheas 97% de na mic léinn go raibh gá le coiscíní a beith thart ar an gcampas
- dúirt 69% de na mic léinn go gcoinneodh siad cárta na Roghanna Dearfacha.

I rith 2003, cuireadh clár oiliúna ar fáil a bhí dírithe ar an bhfeachtas um Roghanna Dearfacha, ar ról na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime agus ar fhaisnéis faoi shláinte sábháilte gnéis, chuig Oifigigh Leasa Mac Léinn an USI.

Treoir 'Don't be late' na Nollag do Shéasúr Cóisire
Bhí an 'mhion-iris' seo dírithe ar aosaigh óga san obair. Thug na treoracha, a raibh leagan amach spreagúil agus tarraingteach orthu, raon de theachtaireachtaí maidir le cothú shláinte sábháilte gnéis agus, le cois na faisnéise faoi sheirbhísí náisiúnta, bhí faisnéis sna treoracha freisin faoi sheirbhísí réigiúnacha.

Tosaíodh ag dáileadh breis agus 205,000 treoir go luath i mí na Nollaig. Rinneadh an dáileadh seo in áiteanna a roghnaíodh go cúramach ar mhórbhealaigh iompair phoiblí agus tríd an bpost chuig bainisteoirí HR/ranna pearsanra sna 500 de na gnólachtaí is mó in Éirinn. Thug an tionscnamh raon de sholáthraithe faisnéise le chéile agus d'éirigh leo faisnéis faoi chothú ar shláinte sábháilte gnéis a thabhairt do lucht cóisir thart ar shéasúr na Nollag. As an meastóireacht a rinneadh ar ghrúpaí fócais, seo an t-aiseolas is tábhachtaí a fuarthas:

- glacadh go dearfach le dearadh an leabhráin agus leis an bhfaisnéis a tugadh
- mheas na faighteoirí go raibh gá le tuilleadh faisnéise den chineál seo agus mheas siad gur chóir é a chur ar fáil agus a dháileadh go forleathan don Nollaig seo chugainn
- bhí an leabhrán furasta a léamh, deartha go maith agus taitneamhach ag an bpobal a raibh sé dírithe air.

Ceardlanna Speisialta do Ursholáthraithe Seirbhíse
Chuir an Ghníomhaireacht sraith ceardlanna ar fáil do urfhostaithe príomha a bhíonn i dteagmháil ina gcuid oibre le mná le toirchis ghéarchéime. Sna léiriúcháin tugadh faisnéis faoin nGníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime, faoi phróiseas forbartha na straitéise agus faoin bhfeachtas um Roghanna Dearfacha.

Eagrú Fóraim faoi Chúinsí Coisc
Eagraíodh fóram faoi chúinsí coisc i Márta 2003 chun moltaí a chur ar fáil maidir le pleanáil agus forbairt ar chláir um chosc ar thoirchis ghéarchéime. Tháinig an fóram le chéile faoi dhó agus thug siad eolas do phróiseas forbartha na straitéise sa réimse coisc. Glacadh comhaltaí an fhóraim as an Aonad um Cothú na Sláinte atá sa Roinn Sláinte agus Leanaí, saineolaithe ar chothú sláinte ó na Boird Sláinte, gairmithe ábhartha sláinte poiblí, Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann agus ionadaithe ó raon iomlán na soláthraithe seirbhíse.

CUMARSÁID CHORPARÁIDEACH
As obair fheidhm na gclár agus na cumarsáide tháinig breis forbartha ar fheidhm chumarsáid chorparáideach na Gníomhaireacht sna réimsí:

- bainistíocht ar chaidreamh na meán
- bainistíocht agus forbairt ghréasáin
- feidhmeanna oifige an phreas
- próifíl/aitheantas na gníomhaireachta.

Bainistíocht ar Chaidreamh na Meán
Bhí an-tábhacht ag baint le bunú na Gníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime mar fhoinse eolais a bhí údarásach, inchreidte agus neamhspleách i gcás cúinsí a bhain le téarmaí tagartha na Gníomhaireachta, i gcomhthéacs feachtas na meán um Roghanna Dearfacha a seoladh in 2003 agus foilsiú na Straitéise féin. Bhain an Ghníomhaireacht úsáid as cur chuige gníomhach i dtaca leis an gcumarsáid agus chothaigh sí caidreamh dearfach leis na meáin.

Bainistíocht agus Forbairt Ghréasáin
Rinneadh athfhorbairt ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, www.crisispregnancy.ie, chun go mbeadh sé ina fhoinse eolais údarásach, inchreidte agus neamhspleách do dhaoine a bheadh ag lorg eolais faoi cheisteanna a bhaineann le foirmliú pholasaithe agus leis an Straitéis. Chinntigh an obair seo go bhfuil gá leis an suíomh, go bhfuil sé suimiúil, furasta a úsáid, coinnithe chun dáta go rialta agus idirghníomhach.

Feidhm an Phreasa
Bhain feidhm preasa na Gníomhaireachta úsáid mhaith as deiseanna caidrimh phoiblí cosúil le seoladh an fheachtais um Roghanna Dearfacha agus seoladh Strategy to Address the Issue of Crisis Pregnancy, agus lean sé ag gníomhú mar fhoinse eolais agus mar phointe teagmhála do na meáin.

Próifíl/Aitheantas na Gníomhaireachta
Lean an Ghníomhaireacht ag baint úsáide as deiseanna chun tuiscint fhorleathan maidir le feidhm na gníomhaireachta a scaipeadh i 2003, ag tabhairt airde go sonrach ar an idirdhealú idir fhorbairt na straitéise agus soláthar na seirbhíse.

Ag tosú le léiriúcháin do na mBord Sláinte i Márta agus in Aibreán 2003 agus ag leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas cuimsitheach comhairliúcháin a bhí bainteach le déanamh na Straitéise, chuidigh obair fheidhm na cumarsáide chun ról agus cuspóir na Gníomhaireachta a shoiléiriú in intinn a comhpháirtithe ar fad.

Clár Taighde

Dearadh an clár taighde 2003, atá ar cheann de na bunghnéithe in obair na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime, chun gach cás ábhartha a aithint i réimse na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime agus chun an Straitéis bhí á cothú a bhunú ar chleachtas urrúnta a bheadh bunaithe ar fhianaise. Bhí roinnt gnéithe sa chlár, ar a n-áirítear:

- creat taighde chun treoir a thabhairt do fheidhm taighde na Gníomhaireachta
- fardal taighde do thoircheas géarchéime
- taighde úr a choimisiúnú chun plé leis na bearnaí fianaise
- sraith tuairiscí taighde agus athbreithnithe polasaithe a ullmhú i réimsí tábhachtacha polasaí
- plean meastóireachta a fhorbairt chun riachtanais na Gníomhaireachta a aithint
- cuidiú le monatóireacht agus le meastóireacht ar chláir agus ar fheachtais inmheánacha
- ról maoirseachta chun measúnú a dhéanamh ar gach iarratas a fhaightear tríd an gclár maoinithe chun fóntas na bpróiseas luachála atá molta a mheas
- réimse aighneachtaí a ullmhú agus a chur chuig Ranna Rialtais.

Fochoiste den Bhoird ar a raibh beirt shaineolaithe seachtracha freisin, a rinne maoirseacht ar an gclár a raibh tacaíocht aige ó bheirt oifigeach taighde arna riaradh ag Stiúrthóir na Gníomhaireachta. Chuir an Ghníomhaireacht €900,000 ar fáil chun taighde a dhéanamh in 2003.

FORBAIRT AN CHLÁIR THAIGHDE

Rinne an Ghníomhaireacht athbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhain le toircheas géarchéime, i ndeireadh 2002 agus go luath i 2003. Léirigh an t-athbhreithniú cuimsitheach seo bearnaí sa bhonn fianaise agus thug sin deis don Ghníomhaireacht díriú ar na réimsí is mó a raibh tuilleadh taighde le déanamh orthu chun a chinntiú go mbeadh na tionscnaimh a bhí á bpleanáil ag díriú ar an riachtanas a bhí aitheanta. Léirigh an t-athbhreithniú bearnaí sa bhonn fianaise i dtéarmaí:

- gnéithe ócáideacha a bhaineann le toircheas géarchéime
- próisis cinnteoireachta a bhfuil baint acu le toircheas géarchéime.

PRÓISEAS COIMISIÚNAITHE TAIGHDE 2003

I Bealtaine 2003, chur an Ghníomhaireacht comhaltaí an phobail taighde ar an eolas faoin gclár taighde a bhí pleanáilte. Eagraíodh seisiúin taighde do réimsí tosaíochta agus tugadh cuireadh do thaighdeoirí agus do institiúidí tairiscintí a chur isteach faoi Mheitheamh 2003. Bronnadh conarthaí ar ocht dtionscadal in Iúil 2003. Bhí acadóir neamhspleách seachtrach as an Riocht Aontaithe ar ghrúpa athbhreithnithe na dtairiscintí. Tá liosta de na tionscadal coimisiúnaithe i dTábla 1 thíos.

Tábla 1: Taighde a choimisiúnú in Iúil 2003

Sonraí suirbhé ar an daonra ginearálta chun bearnaí fianaise tábhachtacha i réimse an toirchis ghéarchéime a líonadh (Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn/ An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta)
Taighde cáilíochtúil ar fhir, ar ghnéasacht agus ar thoircheas géarchéime (Institiúid Teicneolaíocht Phort Láirge agus an University of the West of England)
Taighde cáilíochtúil ar mhic léinn iar-bhunscoile i dtaca le caidreamh agus oideachas (Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, UCD)
Taighde cáilíochtúil ar mhná aosacha agus ar chleachtas frithghiniúna (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, TCD)
Taighde cáilíochtúil le luathfhágálaithe scoile ar chaidreamh agus oideachas (TCD)
Eispéireas ban ar chomhairleoireacht um thoircheas géarchéime (UCD)
Déagóirí agus na meáin: Anailís na meán ar ábhair ghnéasach teilifíse (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)
Taighde le modhanna imeasctha ar sheirbhísí uchtála: Riachtanais agus forbairt seirbhíse (UCD)

TAIGHDE AGUS ATHBHREITHNIÚ POLASAITHE I RÉIMSÍ TÁBHACHTACHA POLASAITHE

Le cois an taighde coimisiúnaithe thuasluaite, rinne an Ghníomhaireacht coimisiúnú ar thuilleadh oibre i 2003 trí phróisis roghnaíocha tairiscintí. Áirithe san obair sin bhí:

- Taighde maidir ar na bealaí is fearr chun sláinte dearfach gnéis a chothú in ógánaigh agus cosc a chur le thoircheas déagóirí (taighdeoir neamhspleách).
- Críochnú an athbhreithnithe ar na cleachtas reatha a bhaineann leis an gcomhairliúchán um thoirchis ghéarchéime in Éirinn (NUI Gaillimh).
- Taighde a scrúdaíonn na naisc idir alcól agus úsáid áiseanna éigeandála frithghiniúna, a rinneadh i gcomhar le hIonad Well Woman Bhaile Átha Cliath (TCD).
- Anailís eacnamaíoch costsochair ar an infheistíocht sa chosc ar thoircheas géarchéime agus ar sheirbhísí tacaíochta (Farrell, Grant, Sparks Consulting).
- I Meán Fómhair 2003, d'aontaigh an Ghníomhaireacht mórshuirbhé náisiúnta maidir le heolas gnéasach, dearcadh agus iompraíocht (KABS) a chómhaoiniú i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí. Tar éis próisis tairsceana agus agallaimh i Méan Fómhair 2003, bronnadh an conradh ar chuibhreannas ón ESRI/RCSI/TCD.

I dteannta an taighde coimisiúnaithe thuasluaite, rinne an Ghníomhaireacht coimisiúnú ar shraith de athbhreithnithe chun cur leis an obair ábhartha bhí déanta ag saineolaithe sna sainréimsí seo a leanas:

- Athbhreithniú litríochta ar riachtanais agus seirbhísí frithghiniúna (taighdeoir neamhspleách).
- Tacaíochtaí lóistín do mhná a raibh toircheas géarchéime acu. Athbhreithniú litríochta (taighdeoir neamhspleách).
- Breis anailíse ar na sonraí a bhí sa Shuirbhé Náisiúnta um Stíleanna Maireachtála, Dearcadh agus Cothú (SLAN) maidir le húsáid áiseanna frithghiniúna (UCD).

Rinne an Ghníomhaireacht sraith de athbhreithnithe agus de shuirbhéanna tábhachtacha inmheánacha chomh maith:

- Athbhreithniú ar réamhtheachtaigh an toirchis ghéarchéime agus ar chinnteoireacht faoi thoirchis ghéarchéime.
- Athbhreithniú ar straitéisí idirnáisiúnta um shláinte gnéis agus éifeachtacht polasaithe.
- Athbhreithniú ar chláir um Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta agus an cleachtas idirnáisiúnta is fearr.
- Cuireadh tuairisc staitisticeach de chuid na GNÍOMHAIREACHTA UM THOIRCHIS GHÉARCHÉIME i dtaca le toircheas géarchéime.
- Iniúchadh ar na seirbhísí in Éirinn a chuireann seirbhísí coisc agus tacaíochta do thoircheas géarchéime ar fáil.

Chothaigh an Ghníomhaireacht naisc taighde leis an bpobal acadúil náisiúnta agus idirnáisiúnta in Éirinn, chun suim agus gníomhaíochtaí taighde a chothú i réimse an toirchis ghéarchéime.

Rinne na Oifigigh Thaighde Dr. Stephanie O'Keeffe agus Mary Smith an clár taighde i 2003 agus thug an Fochoiste Thaighde tacaíocht doíbh.

ULLMHÚ CHREAT MEASTÓIREACHTA NA GNÍOMHAIREACHTA

Déanann an Ghníomhaireacht iarracht mhór lena chinntiú go mbíonn torthaí intomhaiste ar na gníomhaíochtaí a bhfuil sí páirteach iontu agus sna tionscadail a dtugann sí tacaíocht dóibh.

D'ullmhaigh an fhoireann taighde creat measteóireachta eatramhach i 2003 a raibh sé mar aidhm aige díriú ar an meastóireacht a bhaineann le:

- cláir agus tionscadail atá maoinithe ag an nGníomhaireacht
- tionscnaimh feachtas agus faisnéise atá forbartha ag an nGníomhaireacht
- feidhmiú an Strategy to Address the Issue of Crisis Pregnancy in Éirinn.

Mar chuid den phróiseas chun an bplean meastóireacht a fhorbairt bhí:

- coimisiúnú ar shuirbhé bhonnlíne chun innéacsanna bonnlíne a chur ar fáil
- dréachtú ar chreat meastóireachta le cur san áireamh i bhforbairt na straitéise
- comhthiomsú ar shonraí ó fhoinsí seachtracha chun léargas ilchodach a fháil ar na gnéithe a bhaineann agus léiríonn toircheas géarchéime
- meastóireacht agus taighde a ionchorprú isteach i dtionscnaimh a d'fhorbair an Ghníomhaireacht mar chuid de na socruithe seirbhíse atá déanta le gach eagraíocht a fuair maoiniú. Rinne an foireann taighde gach iarratas a mheas agus dhear siad an próiseas meastóireachta a úsáidtear chun na cláir inmheánacha a mheas.

Beidh an Ghníomhaireacht ag iarradh a plean meastóireachta a tosaíodh in 2003 a chríochnú in 2004 nuair a cuirfear críoch leis an bpróiseas chun táscairí bonnlíne a fhorbairt.

AIGHNEACHTAÍ CHUIG PRÓISIS CHOMHAIRLIÚCHÁIN SHEACHTRACHA

D'ullmhaigh an Ghníomhaireacht roinnt aighneachtaí chuig gníomhaireachtaí seachtracha in 2003, chun cloí lena gealltanas a bheith ag oibriú i gcomhpháirtíocht. Tá siad liostaithe i dTábla 2.

Is é an cathaoirleach Olive Braiden le baill den Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus Mac Léinn ó Choláiste na Tríonóide sa phictiúr.

D'fhorbair an Ghníomhaireacht an Pacáiste Feasachta agus Treoraíochta um Shláinte Gnéis, 'Shag Pack' le húsáid mar chuid de Sheachtain Feasachta agus Treoraíochta um Shláinte Gnéis Aontas na Mac Léinn in Éirinn i Nollaig 2003.

Tábla 2: Liosta Aighneachtaí Polasaithe a rinne an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime

An Bord Uchtála "Consultation Process on Adoption Legislation in Ireland; Crisis Pregnancy Agency Submission", Iúil 2003
Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhoréigean i gCoinne Ban "Crisis Pregnancy Agency Submission", Meitheamh 2003
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) – "Crisis Pregnancy Agency Submission to the NCAA on developing Senior Cycle Education", Meán Fómhair 2003
NCCA- "Senior Cycle Social, Personal and Health Education Discussion Paper"
Údarás Réigiúnda Sláinte an Oirthir - "Working group 1: Submission on Sexual Health Strategy in the Eastern Region – Promotion of sexual health and prevention of Sexually Transmitted Infections and teenage pregnancy" (rinneadh freastal agus láithriú ar lá comhairliúcháin ina diaidh sin)
An Coimisiún um Ghearáin Chraoltóireachta "Consultation Process on Children's Advertising Code; Crisis Pregnancy Agency Submission"
An Lárionad Náisiúnta do Chomhpháirtíocht agus Feidhmiúcháin "Submission to the Forum on the Workplace of the Future"

Le cois na n-aighneachtaí foirmiúla, rinne an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar pháipéir náisiúnta thaighde agus pholasaithe i réimsí tábhachtacha agus d'ullmhaigh siad dréacht-thuairiscí ar:

- aontuismitheoireacht agus fostaíocht
- aontuismitheoireacht agus lóistín
- aontuismitheoireacht agus oideachas
- aontuismitheoireacht agus cúram leanaí.

Chuir na páipéir seo eolas ar fáil do fhorbairt na Straitéise agus chinntigh siad go mbeadh an Ghníomhaireacht ag forbairt na hoibre a bhí déanta cheana féin i réimsí tábhachtacha. Cuirfidh siad sin bunús ar fáil chun páipéir polasaí ionchuir a fhorbairt in 2004.

Ar deireadh, d'fheidhmigh an Ghníomhaireacht go minic mar fhoinse neamhfhoirmiúil comhairle do chuid mhaith gníomhaireachtaí agus taighdeoirí, agus d'fhreagair siad fiosraithe seachtracha agus iarratais ar fhaisnéis.

Maoiniú Soláthraithe Seirbhíse

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta do mhaoiniú ar thionscadail nuálacha ardchaighdeáin a fhorbraíonn as na comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin agus léiríonn siad bunphrionsabail na Gníomhaireachta. Ag leanúint den obair a tosaíodh in 2002, dhírigh clár 2003 ar thrí bhunréimse:

- tacaíocht do réimse tionscnamh um chosc ar thoircheas géarchéimes
- seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar do mhná a bhí ag déileáil le toircheas géarchéime agus a thorthaí agus
- seirbhísí iarghinmhillte a sholáthar.

Rinne an Fhochoiste Maoinithe maoirseacht ar an gclár maoinithe agus tá tacaíocht aige ó bhainisteoir sinsearach.

COMHTHÉACS 2002

Cuireadh tús le céad chlár maoinithe na Gníomhaireachta in 2002 agus tugadh amach breis agus €900,000 do fhiche cumann a fuair maoiniú do 42 tionscadal san iomlán. Fuair na tionscadail sin pacáistí airgeadais ó €1,500 go dtí €100,000.

CLÁR MAOINITHE 2003

Cuireadh tús le dara clár maoinithe na Gníomhaireachta in Aibreán 2003 trí sraith fógraíochta sna meáin náisiúnta ag iarraidh aighneachta maidir le moltaí tionscadal úr do chistiú aonuaire, a dhéanfadh arís dá n-éireoidh leis, sna réimsí a leanas:

- cosc ar thoircheas géarchéime
- tacaíochtaí tar éis toircheas géarchéime.

Fuarthas iomlán 39 de mholtaí tionscadal. Rinne an foghrúpa Maoinithe athbhreithniú ar na moltaí i mBealtaine agus bronnadh cistiú ar na tionscadail ar éirigh leo i Meitheamh. Mar thoradh ar an babhta maoinithe, fuair 25 eagraíocht tacaíocht le haghaidh 37 tionscadal (gan tionscadail chomhairleoireacht toirchis ghéarchéime a chur san áireamh – féach thíos). Tháinig iomlán dáileadh an chéad bhabhta seo de 2003 go dtí breis agus €1 milliún. Fuair tionscadail tacaithe deontas de luach idir €5,000 agus €106,000 in 2003.

Méadú ar Chomhairliúchán do Thoircheas Géarchéime agus Tacú le Soláthraithe Seirbhíse
Ag díriú ar bhreis forbartha ar comhairliúchán toirchis ghéarchéime in 2003, thug an Ghníomhaireacht aitheantas do na seirbhísí comhairliúcháin fadbhunaithe agus luachmhara a bhí á dtabhairt ag eagraíochtaí deonacha in Éirinn.

Léiríodh an gá a bhí le hinfheistíocht i seirbhísí comhairliúcháin do thoircheas géarchéime sna torthaí a fuarthas as taighde a rinne NUI Gaillimh agus as iniúchadh na Gníomhaireachta ar sholáthar comhairliúcháin araon. Bhí clár maoinithe 2003 ag lorg seirbhísí comhairliúcháin a bhí ann cheana féin a threisiú agus méadú a dhéanamh ar na seirbhísí comhairliúcháin do thoircheas géarchéime ar fud na tíre. Ag cruinniú speisialta don Bhord in Iúil, gealladh maoiniú do na príomhsholáthraithe seirbhíse chun tacú le méadú de 44% ar an soláthar comhairliúcháin.

Tuilleadh tacaíochta do na príomheagraíochtaí soláthair seirbhíse
Ina theannta sin cheadaigh an Ghníomhaireacht rannícaíochtaí don riachtanais leanúnacha maoinithe na bpríomheagraíochtaí soláthair seirbhíse seo a leanas:
- Cherish (anois One Family)
- Cura
- Ionad Well Woman Bhaile Átha Cliathe
- Cumann Pleanála Clainne na hÉireann
- Life
- Pact
- Treoir
- Cunamh

Socraíodh an leibhéal bunmhaoinithe tar éis anailís a dhéanamh ar na príomhréimsí riachtanais a raibh tionchar acu ar chaighdeán na seirbhísí a bhí á gcur ar fáil ag gach ceann de na heagraíochtaí a bhí i gceist. Tugadh mórchuid den allúntas bunmhaoinithe chun tacaíocht a thabhairt do phoist úra, do sheirbhísí úra agus leis na seirbhísí a bhí ann cheana a threisiú.

Tá na tionscadal go léir a maoiníodh in 2003 liostaithe in Aguisín 2.

Meastóireacht
Rinne an fhoireann taighde measúnú ar na pleananna meastóireachta do gach tionscadal. Sna réimsí a bhain le monatóireachta agus le meastóireacht tionscadal i 2003, rinne an fhoireann riaracháin agus maoinithe:
- athbhreithniú ar chur chuige na Gníomhaireachta maidir le monatóireacht tionscadal agus thosaigh siad ag forbairt uirlisí chun cainníocht agus cáilíocht a thomhas
- obair ar oiriúnacht na bpleananna meastóireachta a mheas don réimse tionscadal a fuair tacaíocht
- cleachtaí rialta monatóireacht ar thionscadail, chun cinntiú go mbainfeadh na tionscadail amach a gcuspóirí.

Bhí baill den fhoireann Sheena McAfee agus Ivan Cooper ag díriú an clár maoinithe i 2003 agus thug an Fochoiste maoinithe tacaíocht doíbh.

Tosaíodh treoir 'Don't be late' na Nollag do Shéasúr Cóisire ag dáileadh breis agus 200,000 treoir go luath i mí na Nollag ar mhórbhealaigh iompair phoiblí agus na gnólachtaí is mó in Éirinn.

Riarachán

Cuireann an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime an-bhéim ar an gcleachtas is fearr a bhaint amach i rialachas corparáideach agus tá córais, próisis agus gnáthaimh urrúnta curtha i bhfeidhm aici chun an obair sin a riar agus tacú léi.

Bhí sé mar aidhm ag clár 2003 tacú le hobair na Gníomhaireachta, i dtaca le forbairt polasaithe agus seachadadh clár, trí fheidhmiúchán fónta éifeachtach riaracháin, agus faisnéis a sholáthar don Bhord a bheadh tráthúil agus follasach maidir le gach gné de ghnó na Gníomhaireachta. Tá bainisteoir sinsearach freagrach as feidhmiúchán an riaracháin le tacaíocht ó fhoireann riaracháin. Rinne an Ghníomhaireacht athbhreithniú rialachas corparáideach in 2003 agus ghlac an Bord leis na torthaí a tháinig as. Tá na Fochoistí Airgeadais agus Iniúchóireachta ag déanamh maoirseachta ar an bhfeidhmiúchán airgeadais.

Na Fochoistí Airgeadais agus Iniúchóireachta

Rinne comhaltaí Fhochoiste Airgeadais an Bhoird athbhreithniú ar chuntais airgeadais na Gníomhaireachta roimh gach cruinniú Boird. Aontaíodh na téarmaí tagartha a bheadh ag Fochoiste Airgeadais an Bhoird mar aon leis na téarmaí tagartha agus Ballraíocht Fhochoiste Iniúchóireachta an Bhoird i Lúnasa 2003. Déanann na fochoistí seo maoirseacht ar bhainistíocht airgeadais na Gníomhaireachta. Tá sonraí na ballraíochta tugtha in Aguisín 1.

FORBHREATHNÚ AR OBAIR RIARACHÁIN IN 2003

Sa réimse ginearálta a bhaineann le bainistíocht airgeadais i 2003, rinne an fhoireann riaracháin:

- riaradh ar na córais a bhaineann le hairgeadas, párolla, pinsean idirlinne agus le maoiniú na soláthraithe seirbhíse. Áirithe ansin bhí cuntais mhíosúla agus athbhreithnithe ar chaiteachas
- athbhreithniú agus feabhsúchán ar na córais inmheánacha airgeadais
- na cuntais bhliantúla 2002 a ullmhú agus iniúchadh an C&AG a éascú

Sa réimse a bhaineann le riarachán ginearálta, rinne an fhoireann riaracháin:

- Tuarascáil Bhliantúil 2002 a ullmhú
- cinntiú gur chloí gach eagraíocht a fuair tacaíocht deontais leis na riachtanais iniúchóireachta
- tacú le Bord na Gníomhaireachta agus á fochoistí, ag freastal ar aon chruinniú déag agus taifeadadh a dhéanamh ar imeachtaí gach cruinniú a bhí ag fochoistí na Gníomhaireachta.
- obair ar aistriú an riaracháin ar bunmhaoiniú na soláthraithe seirbhíse comhairliúcháin um thoircheas ghéarchéime ó Bhord Sláinte an Limistéir Thuaidh
- riarachán chórais IT na Gníomhaireachta a riar
- cinntiú go rabhthas ag cloí le riachtanais sheachtracha dlíthiúla
- cuidiú a thabhairt le bainistiú na bpróiseas seachtrach tairsceana agus conarthaí a ghiniúint don obair choimisiúnaithe
- raon fairsing de chórais tís a oibriú

Sa réimse a bhaineann le bainistíocht ar acmhainní daonna i 2003, rinne an fhoireann riaracháin:

- eagraíodh comhordú na ngníomhaíochtaí earcaíochta agus roghnúcháin (sonruithe/conarthaí poist a eagrú agus cuidiú i gcláir ionduchtaithe do thriúr ball foirne nua foirne a hearcaíodh in 2003)
- córas maoirseachta foirne agus córais tacaíochta a fheidhmiú
- cláir oiliúna a eagrú do lucht riaracháin agus do fhoireann na Gníomhaireachta i gcoitinne

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAI AN BHOIRD

Éilíonn Alt 17 de Ionstraim Reachtúil Uimh. 446, (Ordú Bunaithe an Ghníomhaireacht um Thoircheas Eigeandála), 2001 go gcoimeádfaidh an Bord gach cuntas atá gnáthach agus iondúil i ndáil le gach airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhordaithe. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú tá iachall ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leanaigh muna nglacann an Bord cinneadh gan leanacht i bhfeidhm
- caighdeáin infheidhmithe oiriúnacha a leanúint, faoi réir aon imeacht ábhartha nochtaithe agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais cearta a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha Ailt 17 de Ionstraim Reachtúil 446 de 2001. Coimeádtar na leabhair cuntais ag ceanncheathrú na Gníomhaireachta ag **89-94 Sráid Chéipil, Baile Átha Cliath 1.** Tá an Bord freagrach chomh maith as sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc.

Sheol Micheál Martin T.D., Aire Sláinte agus Leanaí an 'Strategy to Address the Issue of Crisis Pregnancy' ar an 12 Samhain 2003. Bhí an Cathaoirleach, Olive Braiden agus an Stiúrthóir, Sharon Foley ann freisin.

Olive Braiden

CATHAOIRLEACH

Sharon Foley

STIÚRTHÓIR

RÁITEAS UM RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

Thar ceann Bhord an Ghníomhaireacht um Thoircheas Éigeandála, admhaím an fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéanfar córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a cheapadh agus a reachtáil go críochnúil.

Tá ar chumas an chórais dearbhú réasúnta agus ní dearbhdhearbhú a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirghníomhaíochtaí á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath i dtréimhse tráthúil.

Tá sé ar intinn ag an mBord gnás a chur ar bun le priacail ghnó a aithint agus a mheas agus táthar ag súil le é seo a chur i bhfeidhm a luaithe agus is féidir.

Tá céimeanna glactha ag an mBord le cinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe oiriúnach i bhfeidhm faoi:
- a thugann sainmhíniú soiléir ar fhreagrachtaí agus cumhachtaí bainisteoireachta
- a bhunaíonn nósanna imeachta foirmeáilte le gníomhaíochtaí na heagraíochta a fhaireachán agus a sócmhainní a chosaint agus
- cultúr cuntasachta a fhorbairt ag gach leibhéal den eagraíocht.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tiomnaithe agus cuntasachta. Go háirithe, áirítear leis:
- córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord
- athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena n-áirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíochtaí eile a thomhas, agus
- disciplíní foirmiúla bainisteoireachta tionscadail.

Toisc nár bunaíodh an Ghníomhaireacht ach le deireanas, níl an fheidhm iniúchóireachta inmheánaigh lánfhorbartha go fóill. Nuair a bheidh sé forbartha, beidh sé faoi cheannas an Choiste Airgeadais & Iniúchóireachta de réir Cóid Chreatlaigh an Chleachtadh is Fearr mar a leagtar amach sa Chód Cleachtaidh ar Rialachas Foras Stáit. Cuirfidh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaigh tuarascáil ar fáil don Bhord ar acmhainneacht agus críochnúlacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais.

Beidh obair an Choiste Airgeadais & Iniúchóireachta mar bhonn le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar chríochnúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Beidh an Coiste i gceannas ar obair lucht iniúchóireachta inmheánaigh, na bainisteoirí sinsearacha sa Ghníomhaireacht atá freagrach as creatlach rialaithe airgeadais a fhorbairt | agus a choimeád sa siúl, agus trácht a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainisteoireachta.

Deimhním go ndearna Bord na Gníomhaireachta, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2003, athbhreithniú ar chríochnúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Sínithe thar ceann an Bhoird,

Olive Braiden

Ms Olive Braiden
CATHAOIRLEACH

RÁITEAS UM BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1 **BONN CUNTASAÍOCHTA**

Tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe de réir phrionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta acu faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus comhlíonann siad caighdeáin tuairiscithe airgeadais an Bhoird Chaighdeán Cuntasaíochta faoi réir aon eisceachtaí a luaitear thíos.

2 **IONCAM**

Léiríonn ioncam an Deontais Oireachtais na hadmhálacha ón Roinn Sláinte & Páistí i dtaca leis an mbliain 2003.

3 **SÓCMHAINNÍ SEASTA**

Taispeántar sócmhainní seasta ag an mbunchostas lúide dímheas carntha. Cuirtear an dímheas ar fáil ar bhonn líne dírigh ag na rátaí seo a leanas

	%
Ríomhairí agus teileafónaíochta	33
Troscán	12.5 to 25
Feabhsuithe Léasachta	10

4 **CUNTAS CAIPITIL**

Léiríonn an cuntas caipitil méid an ioncaim neamhamúchta a cionroinneadh le haghaidh sócmhainní seasta a cheannach.

5 **AOISLIÚNTAS**

Ar fheitheamh bunú scéim sainmhínithe faofa sochar aoisliúntais faoi Alt 20 de Ionstraim Reachtúil Uimh. 446 de 2001, tá scéim phinsin á reachtáil ar bhonn riaracháin. Gearrtar costais aoisliúntais in aghaidh ioncaim nuair a thagann siad aníos. Tá ranníocaíochtaí á n-asbhainnt ó fhostaithe agus á gcoimeád ag an Ghníomhaireacht ar fheitheamh cinneadh ón Roinn Sláinte & Páistí ar conas mar is coir plé le ranníocaíochtaí dá sórt. Léiríonn suim de €21,573 a áirítear i gcreidiúnaithe, méid carntha na n-asbhaintí ag 31 Nollaig 2003. Faoi threoir ón Aire Sláinte agus Páistí, níl aon soláthar déanta sna ráitis airgeadais i dtaca le dliteanais phinsin amach anseo.

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 22 go dtí 28 iniúchta agam faoi Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

FREAGRACHTAÍ COMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá freagrachtaí cuntasaíochta Comhaltaí na Gníomhaireachta leagtha amach ar leathanach 1. Tá sé d'fhreagracht ormsa tuairim neamhspleách a dhéanamh, bunaithe ar m'iniúchadh, i leith na ráiteas airgeadais a cuireadh i mo láthair agus tuarascáil a fhoilsiú orthu.

Scrúdaím an ráiteas ar leathanach 2 ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Ghníomhaireacht treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann an Ghníomhaireacht amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam.

AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIRIM AR NA RÁITIS

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúchóireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

TUAIRIM

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Ghníomhaireacht agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo agus a ullmhaíodh i gceart de réir beartas cuntasaíochta arna leagan síos ag an Aire Sláinte agus Leanaí, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime ag 31 Nollaig 2003 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Gerard Smyth

Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Bealtaine 2004

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2003		NÓTAÍ	2003	2002
			€	€
IONCAM	Deontas Oireachtais		5,199,000	2,492,382
	Aistriú ó /(go) cuntas caipitil	2	46,849	(258,004)
	Ioncam iomlán		**5,245,849**	2,234,378
CAITEACHAS	Solathar Seirbhíse	3	4,434,934	1,187,239
	Speansais riaracháin	4	935,261	662,806
	Caiteachas iomlán		5,370,195	1,850,045
	(Easnamh)/farasbarr don bhliain		(124,346)	384,333
	Farasbarr carntha ag 1 Eanáir 2003		384,333	-
	Farasbarr carntha ag 31 Nollaig 2003		**259,987**	384,333

Ní raibh aon ghnóthachas nó caillteanas ag an nGníomhaireacht sa bhliain airgeadais nó sa tréimhse roimhe seachas iad siúd atá tugtha sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Déanann na Beartais Chuntasaíochta, maille le Nótaí 1 go 7, suas cuid de na ráitis airgeadais seo.

CLÁR COMHORDAITHE AG 31 NOLLAIG 2003

		NÓTAÍ	2003	2002
			€	€
SÓCMHAINNÍ SEASTA		1	211,155	258,004
SÓCMHAINNÍ REATHA	Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí		34,124	32,712
	Airgead tirim ag an mbanc agus ar láimh		272,296	542,149
			306,420	574,861
DLITEANAIS REATHA	Creidiúnaithe agus fabhruithe		46,433	190,528
	Glansócmhainní reatha		259,987	384,333
GLANSÓCMHAINNÍ			471,142	642,337
ARNA LÉIRIÚ AG	Cuntas caipitil	2	211,155	258,004
	Cuntas ioncaim agus caiteachais		259,987	384,333
			471,142	642,337

Déanann na beartais chuntasaíochta, maille le nótaí 1 go 7, suas cuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird,



CATHAOIRLEACH



STIÚRTHÓIR

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2003		Troscán agus Trealamh	Ríomhairí agus Teileafónaíocht	Léasacht agus Feabhsuithe	Iomlán
1 SÓCMHAINNÍ SEASTA	Costas	€	€	€	€
	Iarmhéid 1 Eanáir	119,063	78,522	120,871	318,456
	Breiseanna	13,812	8,229	632	22,673
	Diúscairtí	(5,566)	(2,435)	-	(8,001)
	Iarmhéid 31 Nollaig	127,309	84,316	121,503	333,128
IARMHÉID DÍMHEAS	Carntha 1 Eanáir	22,194	26,171	12,087	60,452
	Muirear don bhliain	24,864	28,914	12,150	65,928
	Diúscairtí	(2,783)	(1,624)	-	(4,407)
	Iarmhéid 31 Nollaig 2003	44,275	53,461	24,237	121,973
GLANLUACH LEABHAIR	Iarmhéid 31 Nollaig 2003	83,034	30,855	97,266	211,155
	Iarmhéid 31 Nollaig 2002	96,869	52,351	108,784	258,004

			2003		2002
			€		€
2 CUNTAS CAIPITIL	Iarmhéid 31 Eanáir 2003		258,004		-
	Aistriú (chuig)/ó Chuntas Ioncaim & Caiteachais				
	Ioncam dírithe ar cheannach /diúscairt sócmhainní seasta	14,672		318,456	
	Amúchta sa bhliain de réir dímheas sócmhainne	(61,521)	(46,849)	(60,452)	258,004
	Iarmhéid 31 Nollaig 2003		211,155		258,004
					€
3 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE	Íocaíochtaí deontais		2,173,076		903,522
	Cláir chumarsáide		1,463,300		226,715
	Taighde		732,884		57,002
	Forbairt straitéise		65,674		-
	Iomlán		4,434,934		1,187,239
4 SPEANSAIS RIARACHÁIN	Pá-rolla		530,175		346,517
	Cíos		116,261		115,282
	Soláthar oifige		127,618		75,309
	Lóistín		9,336		18,689
	Fóntais agus árachas		46,064		26,143
	Táille iniúchóireachta		8,000		7,300
	Táillí gairmiúla		29,549		12,617
	Muirir bhainc		258		249
	Deisiúcháin		2,072		248
	Dímheas		65,928		60,452
	Iomlán		935,261		662,806

5 DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Ní raibh aon dhliteanais theagmhasacha ag 31 Nollaig 2003.

6 CAIPITEAL AGUS CEANGALTAIS EILE

a) Ní raibh aon cheangaltas caipitil ag 31 Nollaig 2003.

b) Tá ceangaltais glactha air féin ag an mBord i dtaca le conarthaí le haghaidh soláthair taighde le conarthaí ag rith ar feadh roinnt blianta. Ag 31 Nollaig 2003 bhí ceangaltas ar an mBord €144,411 a íoc i leith obair atá le déanamh ar na conarthaí seo.

c) Tá ceangaltas ar an nGníomhaireacht suas go dtí 2012 i dtaca le léas chóiríocht oifige ag Sráid Chéipil, Baile Átha Cliath 1. An cíos reatha ná €115,864.

7 BAILL AN BHOIRD - NOCHTUITHE BEARTAÍOCHTAÍ

Ghlac an Bord le nósanna imeachta faoi réir threoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais i dtaca le nochtadh leasa ag baill an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo i gcaitheamh na bliana. Ní raibh aon bheartaíocht sa bhliain i dtaca le gníomhaíochtaí ina raibh aon leas tairbhiúil ag baill an Bhoird.

AGUISÍN 1 BALLRAÍOCHT AN CHOISTE COMHAIRLIÚCHÁIN AGUS FOCHOISTÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

An Coiste Comhairliúcháin

CATHAOIRLEACH **Dr Linda Hogan**, Diagaire, Scoil Éacúiméinice na hÉireann agus Comhalta ar Bhord na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime

COMHALTAÍ **Ms Dolores Daly**, Ionadaí, An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí

Dr Séan Daly, Máistir, Ospidéal na nBan, Cúm, Ionadaí ar an Institiúid Cnáimhseachais agus Gínéiceolaíochta

Dr Michael Darling, Cnáimhseoir Comhairleach agus Ionadaí do Easpaig Eaglais an hÉireann

Ms Margaret Dromey, Stiúrthóir agus Ionadaí ón eagraíocht Treoir

Ms Catherine Duffy, A/Oifigeach Forbartha, Bunchúram, Bord Sláinte an Iarthair, Ionadaí ar Choiste Feidhmiúcháin an Bhoird Sláinte

Ms Fiona Dunne, Cathaoirleach, Coiste na mBan de Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) agus Ionadaí ar ICTU

Ms Geraldine Grindley, Ionadaí ar Cura

Ms Catherine Heaney, Príomhfheidhmeannach agus Ionadaí ar Chumann Pleanála Clainne na hÉireann

Mr David Hughes, Leasrúnaí Ginearálta agus Ionadaí ar Chumann Altraí na hÉireann

Ms Julie Kerins, Cunamh, Ionadaí ar Chomhairle Gníomhaireachtaí Uchtála na hÉireann

Ms Karen Kiernan, Stiúrthóir agus Ionadaí ar Cherish (One Family)

Ms Margaret McCarthy, Oifigeach Oideachais agus Ionadaí ar An Bord Altranais

Ms Marion Moylan, Comhalta Boird agus Ionadaí ar Well Woman Bhaile Átha Cliath

Ms Ann Power, Ionadaí, Comhdháil Easpag na hÉireann

Dr Ailís Ní Ríain, Stiúrthóir, Clár Sláinte na mBan, Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann (ICGP) agus Ionadaí ar an ICGP

Ms Noelle Ryan, Ainmnitheach an Taoisigh

Ainmneofar tuilleadh chun Pobal ionadaíocht a thabhairt don phobal taistealaithe, do neamhnáisiúnaigh, do dhaoine faoi mhíchumas agus do bhord comhbhainistíochta na múinteoirí.

COMHALTAÍ FHOCHOISTÍ NA GNÍOMHAIREACHTA UM THOIRCHIS GHÉARCHÉIME

AN FOCHOISTE MAOINITHE
Mr Brian Mullen (Cathaoirleach an Fhochoiste agus Comhalta Boird)
Ms Rosemary Grant (Comhalta Boird)
Dr Linda Hogan (Comhalta Boird)
Mr Martin Larkin (Comhalta Boird)
Ms Sharon Foley (Stiúrthóir, An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime)
Ms Patsy Carr (Bainisteoir Riaracháin, go Meán Fómhair 2003)
Mr Ivan Cooper (Bainisteoir Riaracháin, i ndiaidh Mheán Fómhair 2003)
Tacaíocht Riaracháin: Ms Sheena McAfee

AN FOCHOISTE AIRGEADAIS AGUS INIÚCHÓIREACHTA
Ms Pauline Moreau (Cathaoirleach an Fhochoiste agus Comhalta Boird)
Ms Geraldine Luddy (Comhalta Boird)
Comhairleoir Airgeadais/Iniúchóireachta – le ceapadh don Fhochoiste Iniúchóireachta amháin
Ms Sharon Foley (Stiúrthóir, An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime)

Rúnaí: Mr Ivan Cooper (Bainisteoir Riaracháin, An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime)
Tacaíocht Riaracháin: Ms Lynn Dowling

AN FOCHOISTE TAIGHDE
Dr Linda Hogan Cathaoirleach an Fhochoiste agus Comhalta Boird)
Mr Anthony O'Gorman (Comhalta Boird)
Dr Davida de la Harpe (Seachtrach)
Ms Margaret Fine-Davis (Seachtrach)
Ms Sharon Foley (Stiúrthóir, An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime)
Dr Stephanie O'Keeffe (Oifigeach Taighde)
Ms Mary Smith (Oifigeach Taighde)
Tacaíocht Riaracháin: Ms Lynn Dowling

FOCHOISTE NA STRAITÉISE
Mr Anthony O'Gorman (Cathaoirleach an Fhochoiste agus Comhalta Boird)
Ms Olive Braiden (Cathaoirleach an Bhoird)
Ms Rosemary Grant (Comhalta Boird)
Ms Geraldine Luddy (Comhalta Boird)
Ms Pauline Moreau (Comhalta Boird)
Mr Brian Mullen (Comhalta Boird)
Ms Sharon Foley (Stiúrthóir, An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime)
Ms Patsy Carr (Bainisteoir Riaracháin, go Meán Fómhair 2003)
Tacaíocht Riaracháin: Ms Tracy Richardson

AN FOCHOISTE FAISNÉISE
Ms Caroline Spillane (Cathaoirleach an Fhochoiste agus Bainisteoir Clár agus Cumarsáide)
Ms Alison Begas (Well Woman Bhaile Átha Cliath)
Ms Geraldine Grindley/Ms Mairead Curren (CURA)
Ms Sherie De Burgh (Cumann Pleanála Clainne na hÉireann)
Ms Margot Doherty (Treoir)
Ms Julia Heffernan (LIFE Pregnancy Care)
Ms Karen Kiernan (Cherish)
Ms Teresa McElhinney (Bord Sláinte an Deiscirt)
Ms Heather Tennant (PACT)
Ms Mary Troy (Bord Sláinte an Limistéir Thuaidh)
Tacaíocht Riaracháin: Ms Lynn Dowling

GRÚPA IDIRCHAIDRIMH AN BHOIRD SLÁINTE
Ms Patsy Carr (Cathaoirleach an Ghrúpa Idirchaidrimh agus Bainisteoir Riaracháin go Meán Fómhair 2003)
Mr John Cullinane – Bord Sláinte an Mheániarthair
Ms Rachel Devlin – Bord Sláinte an Limistéir Thiar Theas
Ms Breege Doherty – Bord Sláinte Lár Tíre
Ms Catherine Duffy – Bord Sláinte an Iarthair
Mr Peter Foran – Údarás Réigiúnda Sláinte an Oirthir
Mr Martin Kane – Bord Sláinte Limistéar an Chósta Thoir
Ms Mary Murphy – Bord Sláinte an Deiscirt
Ms Rosemary O'Callaghan – Bord Sláinte an Oirthuaiscirt
Ms Angela O'Shea – Bord Sláinte an Oirdheiscirt
Ms Carmel Taheny – Bord Sláinte an Iarthuaiscirt
Ms Mary Troy – Bord Sláinte an Limistéir Thuaidh
Ms Sharon Foley – Stiúrthóir
Ms Caroline Spillane (Bainisteoir Clár agus Cumarsáide)
Tacaíocht Riaracháin: Ms Lynn Dowling

COMMUNICATIONS SUB-COMMITTEE
Ms Olive Braiden (Cathaoirleach an Bhoird)
Mr Martin Larkin (Comhalta Boird)
Ms Sharon Foley (Stiúrthóir, An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime)
Ms Caroline Spillane (Bainisteoir Clár agus Cumarsáide)

AGUISÍN 2 TIONSCADAIL A MAOINÍODH IN 2003

	PROJECT	2003 SUPPORT €
1	Cura: tacaíocht do oifigigh réigiúnacha	77,000.00
2	Pact: tacaíocht do phost oibrí sóisialta	41,502.00
3	Cumann Pleanála Clainne na hÉireann: tacaíocht do thacaíocht comhairleoireachta agus iarghinmhillte	75,541.00
4	Ionad Well Woman Bhaile Átha Cliath – clinic oscailte	5,874.00
5	Life (Ionad Thulach Mhór)	18,000.00
6	Cunamh: tacaíocht do phost oibrí sóisialta	8,833.00
7	Tionscadal píolótach comhairleoireachta GP Lár Tíre	80,000.00
8	Taighde Bhord Sláinte an Deiscirt (Tuismitheoirí)	48,000.00
9	Taighde Bhord Sláinte an Deiscirt (Fir)	50,000.00
10	Tionscadal Ionad Sláinte Óige Bhord Sláinte an Deiscirt	2,000.00
11	Seirbhísí comhairleoireachta Ospidéal Portiuncula	62,500.00
12	Tionscadal oibrí tacaíochta teaghlaigh Bhord Sláinte an Iarthair	18,664.00
13	Caifé píolótach "Squashy Couch" Bhord Sláinte an Oirdheiscirt do shláinte na nÓg	142,304.69
14	Clár Oiliúna VEC Contae Bhaile Átha Cliath	115,500.00
15	Tionscadal ábhar VEC Chontae Dhún na nGall	75,000.00
16	Seirbhísí Comhairleoireachta agus Síceolaíocha VEC Chathair Bhaile Átha Cliath	134,875.00
17	Clár oiliúna Cunamh	3,000.00
18	Clár oiliúna Chumann Pleanála Clainne na hÉireann	8,940.00
19	Cumann Pleanála Clainne na hÉireann - comhordú ar an tseirbhís chomhairleoireachta	29,470.00
20	Post do oifigeach faisnéise Treoir	10,714.33
21	Life (tacaíocht do chomhordú náisiúnta)	4,762.00
22	Life (tacaíocht oiliúna)	5,000.00
23	Scrúduithe leighis iarghinmhillte Well Woman BÁC	11,250.00
24	Seirbhísí comhairleoireachta Well Woman BÁC	9,536.00
25	Cherish (tacaíocht do phost riaracháin)	6,599.75
26	PACT: tacaíocht chomhairleoireachta	8,564.00
27	Comhairleoireacht, Ospidéal Mhaigh Eo	6,513.33
28	Tosú comhairleoireachta, Ospidéal Mhaigh Eo	11,076.00
29	Bunmhaoiniú, Treoir	46,692.00
30	Baile Bhlainséir - Zone Youth Cafe	49,600.00
31	Cunamh: tacaíocht treallaimh	52,450.00
32	Suíomh idirlín, campus.ie	6,050.00
33	Tionscnamh gnéasoideachais pobalbhunaithe, Dóchas	27,356.00
34	Foilsiúcháin phíolótacha naisiúnta IFPA	25,359.00
35	Foilsiúcháin tástála fócais IFPA	33,275.00
36	Taighde faoin úsáid a bhaineann mná óga as seirbhísí frithghiniúna, Ionad na mBan, Leitir Ceanainn	44,885.75
37	Taighde 'Draw and Write' Bhord Sláinte an Iarthuaiscirt	25,000.00
38	Deontas iompair, Spring Gardens	18,930.00
39	Tionscnamh piarthreoraithe Gnéasoideachais Bhord Sláinte an Oirdheiscirt	53,101.50
40	Measúnú riachtanas Chumann Uchtála Naomh Muras	38,000.00
41	Clinic sláinte mhac léinn Ollscoil Luimnigh	15,000.00
42	Treoir: tacaíochta agus faisnéis do neamhnáisiúnaigh (acmhainn)	35,000.00
43	Treoir: faisnéis do dhaoine óga atá ag fanacht san oideachas (acmhainn)	14,000.00
44	Treoir: tacaíochta agus faisnéis do sheantuismitheoirí (acmhainn)	30,000.00

	PROJECT	2003 SUPPORT €
45	Treoir: pacáiste faisnéise	30,500.00
46	Dr Evelyn Mahon – deontas chun tuarascáil a phriontáil	5,000.00
47	Seirbhís Óige Thamhlachta – Moving On	10,000.00
48	Seirbhís Óige na Carraige – Moving On	10,000.00
49	Clinic comhairleoireacht an Chaisleáin Nua	10,850.00
50	Ábhar do Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann	40,000.00
51	Doras Buí: cúrsaí i sláinte gnéis - fir agus mná óga	39,000.00
52	Ceardlann Bhord Sláinte an Iarthuaiscirt	5,000.00
53	Lóistín tacaithe, Life, Gaillimh	31,130.00
54	Chomhairle Seirbhísí Sóisialta Luimnigh, tacaíocht lóistín roimh bhreith	24,300.25
55	Lóistín tacaíochta iarbhreithe Chomhairle Seirbhísí Sóisialta Luimnigh	24,200.00
56	Tionscnamh Tacaíochta do Dhéagóirí ina dTuismitheoirí, Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt	11,200.00
57	Treoir: Comhordaitheoir an Tionscnaimh Tacaíochta do Dhéagóirí ina dTuismitheoirí	9,512.00
58	Comhairle Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann, acmhainn	35,000.00
59	Oiliúint d'fhoireann tosaigh atá ag obair le mionaoisigh gan tionlacan Well Woman BÁC/IFPA/ECAHB	11,214.00
60	Taighde faoi riachtanais na mionaoiseach gan tionlacan Bhord Sláinte Limistéar an Chósta Thoir	10,000.00
61	Treoir, ábhair Roghanna Dearfacha do mhionlaigh eitneacha	30,000.00
62	Suirbhé Choláiste Dhochtúirí Ginearálta na hÉireann	47,280.00
63	Aonad do Dhéagóirí ina dTuismitheoirí	2,407.52
64	Comhdháil um fhreagrachtaí na bhfear, Chumann Pleanála Clainne na hÉireann	3,575.00
65	Oiliúint, Bord Sláinte an Iarthuaiscirt	3,915.00
66	Deontas Sláinte Poiblí Alliance	2,000.00
67	Tacaíocht do Sholáthraithe Seirbhíse	16,477.04
68	Cherish: tacaíocht do chláir agus do phoist	130,750.00
69	Lóistín tacaíochta Spring Gardens: post cúraim	35,000.00
70	Life: tacaíocht riaracháin, Corcaigh	9047.67
	TOTAL	2,173,076.83

AN GHNÍOMHAIREACHT UM THOIRCHIS GHÉARCHÉIME

Ceathrú Úrlár
89-94 Sráid Chéipil
Baile Átha Cliath 1

www.crisispregnancy.ie

T + 353 1 814 6292
F + 353 1 814 6282